Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14370/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0243(NLE)**

**UD 209**
**MED 43**
**COMER 118**
**ECOFIN 1121**
**POLCOM 269**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 441 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh 1/2023 ón gComhchoiste sin a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 441 final.

Faoi iamh: COM(2024) 441 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2024
COM(2024) 441 final

2024/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh 1/2023 ón gComhchoiste sin a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagfar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an Comhchoiste) i ndáil le Cinneadh a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara[1] ('an Coinbhinsiún') leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha.

Leagtar síos leis an gCoinbhinsiún creat iltaobhach rialacha tionscnaimh maidir le líonra comhaontuithe saorthrádála agus tá feidhm aige gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe sin. Foráiltear sa Choinbhinsiún maidir le carnadh trasnánach idir na 25 Pháirtí Chonarthacha sa Choinbhinsiún: an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis, an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Phailistín[2], an tSiria, an Túinéis, an Tuirc, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia, an Chosaiv[*], Oileáin Fharó, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin (na Páirtithe Conarthacha). Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an Coinbhinsiún athbhreithnithe). Tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025[3].

### 2.2. An Comhchoiste

An Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 3(1) den Choinbhinsiún, glacann sé le leasuithe ar an gCoinbhinsiún, riarann sé é agus áirithíonn sé a chur chun feidhme cuí i gcomhréir le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, glactar cinntí an Chomhchoiste trí vóta d'aon toil na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ina leith, atá i láthair nó a ndéantar ionadaíocht thar a gceann ag cruinniú an Chomhchoiste.

Tá cearta vótála ag na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ina leith. Tá vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Le linn an 16ú cruinniú dá chuid, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach (an gníomh atá beartaithe).

---

1 IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

2 Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an tsaincheist sin.

* Tá an t- ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

3 IO L, 2024/390, 19.2.2024.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na coinníollacha ginearálta a leagan síos maidir le glacadh le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoin gCoinbhinsiún.

An gníomh atá beartaithe, beidh sé ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 4(3)(a), ina sonraítear an méid seo a leanas: 'Glacfaidh an Comhchoiste, trí chinneadh, leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo'. Ina theannta sin, sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 4(3), an abairt dheireanach: 'Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cinntí dá dtagraítear sa mhír seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena reachtaíocht féin.'

Ba cheart an leasú seo ar Chinneadh 1/2023 ón gComhchoiste a theacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ag tús 2020, chuir an Coimisiún Eorpach in iúl do na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún go raibh sé dodhéanta ag tromlach na gcomhpháirtithe trádála deimhnithe gluaiseachta a sholáthar chun críoch tionscnaimh fhabhraigh i bhfoirm chuí (i.e. sínithe de láimh, stampáilte le dúch fliuch nó san fhormáid cheart pháipéir). Tharla sé sin toisc gur cuireadh teagmhálacha idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha ar fionraí i roinnt Páirtithe Conarthacha mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Glacadh bearta eisceachtúla ar bhonn cómhalartach chun a áirithiú go gcuirfí na socruithe chun feidhme ina n-iomláine. Iarradh ar na húdaráis chustaim glacadh le deimhnithe gluaiseachta chun críoch fabhrach. Eisíodh iad sin go leictreonach agus síniú digiteach, stampa digiteach nó séala digiteach de chuid na n-údarás inniúil orthu, nó cóip díobh i bhfoirm páipéir nó leictreonach (iad scanta nó ar fáil ar líne).

D'admhaigh na Páirtithe Conarthacha go ndeachaigh na bearta eisceachtúla a glacadh mar gheall ar phaindéim COVID-19 chun tairbhe d'eispéireas na trádála fabhraí, agus gur spéis leo leanúint de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla. Sa chomhthéacs sin, d'aithin siad a thábhachtaí atá sé modhanna leictreonacha a thabhairt isteach agus oibriú le chéile i dtreo córas comhchoiteann a bheidh bunaithe ar chruthúnais leictreonacha tionscnaimh agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh den réigiún Uile-Eora-Mheánmhara (UEM).

Measann na Páirtithe Conarthacha gurb é atá san aistriú chuig córas lena n-eisítear deimhnithe gluaiseachta go leictreonach agus lena ndéantar foráil maidir le comhar riaracháin leictreonach faoin gCoinbhinsiún na chéad chéimeanna i dtreo cruthúnais tionscnaimh a dhigitiú go hiomlán ar fud réigiún UEM. Ba cheart é sin a mheas go háirithe i bhfianaise theacht i bhfeidhm an leasaithe ar an gCoinbhinsiún (an Coinbhinsiún athbhreithnithe) atá ar na bacáin.

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na bhforálacha maidir le cruthúnais ar thionscnamh i bhfoirm deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach san Aontas Eorpach a áirithiú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún córas leictreonach a bhunú le haghaidh na nithe seo a leanas: (i) iarratais ar dheimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach a thíolacadh; (ii) eisiúint na ndeimhnithe sin; agus (iii) faisnéis a stóráil agus faisnéis a mhalartú idir údaráis chustaim na mBallstát agus leis na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún. Ba cheart an córas leictreonach um dheimhnithe cruthúnais tionscnaimh (córas Eorpach r-DCT) a bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena fhorálacha cur chun feidhme.

An 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Moladh 1/2023[4] maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoin gCoinbhinsiún.

4 IO L, 2024/243, 15.1.2024.

Leagtar liosta coinníollacha amach sa Mholadh. A luaithe a chomhlíontar iad, is cruthúnas tionscnaimh iad sin i bhfoirm deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar féidir leis an bpáirtí allmhairiúcháin glacadh leis.

Is ionann na coinníollacha sin agus na coinníollacha lena leagtar síos na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach laistigh den togra seo.

Chun creat dlíthiúil soiléir a sholáthar agus chun comhsheasmhacht a áirithiú in úsáid deimhnithe leictreonacha i gcomhthéacs an aistrithe ón gCoinbhinsiún atá ann faoi láthair go dtí an Coinbhinsiún athbhreithnithe, a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, ba cheart an Coinbhinsiún a leasú dá réir chun na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh a eisítear go leictreonach a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 17(4) d'Fhoscríbhinn I.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[5].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

---

[5] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:AE:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, is ceart a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún leis an ngníomh ón gComhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0243 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar Chinneadh 1/2023 ón gComhchoiste sin a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d’Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (‘an Coinbhinsiún’) i gcrích le Cinneadh 2013/94[1]/AE ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

(2) De bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(3), pointe (a), den Choinbhinsiún, féadfaidh an Comhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún (an Comhchoiste) leasuithe ar an gCoinbhinsiún a ghlacadh trí chinneadh.

(3) Ghlac an Comhchoiste, le linn an 16ú cruinniú dá chuid, cinneadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach.

(4) Leasaíodh an Coinbhinsiún le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste[2] a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025. An 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Moladh 1/2023[3] maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin. Chun creat dlíthiúil soiléir a sholáthar agus comhsheasmhacht a áirithiú in úsáid deimhnithe gluaiseachta leictreonacha i gcomhthéacs an aistrithe ó na rialacha atá sa Choinbhinsiún faoi láthair go rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025, ba cheart Cinneadh 1/2023 a leasú ionas go n-áireofar sa Choinbhinsiún athbhreithnithe na ceanglais ghinearálta maidir le cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint go leictreonach in Airteagal 17(4) d’Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún athbhreithnithe.

---

1 Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94(1)/oj).

2 Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

3 Moladh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach (IO L 2024/243, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/243/oj).

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, is iomchuí é a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ón gComhchoiste ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san 16ú cruinniú den Chomhchoiste bunaithe ar dhréachtghníomh an Chomhchoiste a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*